

An Grúpa Líadan

Mí Feabhra 2004, bhí ceathrar ban óg ag suí in aon seomra amháin i dteachín beag i Luimneach ag casadh ceoil agus ag gabháil fhoinn. Bhí mé féin, Valerie Casey, Deirdre Chawke agus Sarah Jane Woods ann ag baint taitnimh as an gcomhlúadar agus as an gceol, gan duine ar bith ná rud ar bith ag cur isteach ná amach orainn. 'Nach mbeadh sé iontach é seo a dhéanamh an t-am ar fad,' a deir Valerie, agus níor ghá di rud ar bith eile a rá.

Ghlaoigh muid ar bheirt eile, Claire Dolan agus Elaine Cormican, agus cuireadh an grúpa le chéile. Chuaigh muid i dteagmháil le Taibhdhearc na Gaillimhe an lá dár gcionn agus

idir shean agus nua, ag fanacht dílis don traidisiún agus don dúchas. Seinneann an grúpa meascán de cheol mall agus tapaídh (gan dul thar fóir leis an luas!), ag díriú ar chóirithe atá



Ag gabháil fhoinn i bPáras

shocraigh muid go mbeadh an chéad cheolchoirm againn ansin ar an dara lá de Bhealtaine. Baisteadh 'Líadan' ar an ngrúpa agus thosaigh muid ag obair ar an gceol.

Dóibh siúd nár chuala an grúpa ag casadh, ní miste cur síos beag a dhéanamh ar an gceol. Seinneann muid ceol agus amhráin traidisiúnta na hÉireann,

binn, ceolmhar agus cruthaitheach. Tá amhráin thraidisiúnta i nGaeilge agus i mBéarla againn freisin, agus cé go ndéantar cóiriú ar na hamhráin le huirlisí agus le harmóin, tá dúchas agus fréamhacha na hamhránaíochta sean-nóis agus na hamhránaíochta traidisiúnta Béarla go mór chun cinn. Is iad na huirlisí atá againn

ná fliúit, feadóg stáin, dhá fhidil, cláirseach agus cairdín pianó. Bíonn an seisear againn ag gabháil fhoinn freisin, go haonarach agus in éindí.

Ón gcéad cheolchoirm sin tá cuid mhaith den tír agus píosa deas den domhan siúlta againn le chéile mar ghrúpa. Tá ceolchoirmeacha déanta againn ag Folk Festival Chorcaigh, Dolan's (Luimneach), Scoil Gheimhridh Merriman (Co. an Chláir), Whelan's (Baile Átha Cliath), Seanscoil Sailearna (Indreabhán), Pepper's (Fiacail, Co. an Chláir) agus Oireachtas na Gaeilge (Leitir Ceanainn). Fuair muid cuireadh casadh don Uachtarán Máire Mhic

Giolla Íosa mar chuid de scoil Shamhraidh Oideas Gael i nGleann Cholm Cille. Iarradh orainn freisin a bheith mar ambasadóirí d'Ollscoil Luimnigh ag ócáid a d'eagraigh Fondúireacht na hOllscoile i Florida. Mí Bealtaine na bliana seo, chas muid ag ócáid a d'eagraigh Féile Idirnáisiúnta Lorient do na meáin i bPáras na Fraince agus d'éirigh linn an comórtas don ghrúpa is fearr a bhuachaint ag an bhFéile i Lorient i mí Lúnasa. D'éirigh

linn an chraobh a thabhairt linn chomh maith ag an bhFéile Idirnáisiúnta Pancheilteach i dTrá Lí. Chaith muid cuid den samhradh seo ag taifeadadh ár gcéad dlúthdhiosca i Stiúideo Cuan sa Spidéal agus le cúnamh Dé beidh sé ar fáil roimh Nollaig. Bígí ag faire!

Síle Denwir